

**Éileamh ar Fhaoiseamh Cánach i leith feithiclí a ceannaíodh le bheith á n-úsáid ag daoine
faoi mhíchumas**

Faoin Scéim do Thiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas, cuirtear aisíocaíocht nó loghadh CBL agus Cáin Chláraithe Feithicle (suas go teorainn áirithe) ar fáil ar cheannach feithicle oiriúnaithe um iompar duine a bhfuil buanmhíchumas trom coirp ar leith air/uirthi.

Iarratas ar líne

- Téigh chuig **www.revenue.ie**, le do thoil.
- Logáil isteach in **mochúrsaí**.
- Roghnaigh rogha na dTiománaithe agus na bPaisinéirí faoi Mhíchumas (TPM).
- Roghnaigh an chatagóir chuí a thagraíonn do d'iarratas.
- Comhlánaigh agus seol isteach é.

Má tá gach rud i gceart agus má éiríonn le d'iarratas cuirfear an fhógairt faoi dhíolúine ar fáil duit láithreach le híoslódáil. (Roghnófar líon randamach iarratas le haghaidh iniúchta, d'fhéadfadh go gcuirfeadh sé sin moill le faomhadh roinnt iarratas.)

Mura bhfuil tú in ann d'iarratas a chomhlánú trí **mochuntas**, tá cead agat an fhoirm pháipéir seo a chomhlánú agus í a sheoladh chuig an seoladh thíos.

Mar a chomhlánaítear an fhoirm iarratais seo chun an faoiseamh cánach seo a éileamh:

- Beidh d'uimhir uathúil PSP féin de dhíth ort sular féidir leat iarratas a dhéanamh.
- Bain úsáid as BLOCLITREACHA, le do thoil.
- Cuir tic sna boscaí bainteacha.
- Cinntigh go bhfuil na doiciméid tacaíochta go léir i gceangal le d'iarratas nó seolfar gach rud ar ais chugat

Tá tuilleadh eolais ar fáil faoin Scéim do Thiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas trí bhileog VRT7 a íoslódáil ó **www.revenue.ie**, nó trí theagmháil a dhéanamh leis an Lár-Oifig Aisíocaíochtaí i Muineachán ag 01 738 3671.

Ba chóir an fhoirm a sheoladh ar aghaidh chuig an seoladh seo a leanas:

SAORPHOST
An Lár-Oifig Aisíocaíochtaí
Na Coimisinéirí Ioncaim
Foirgneamh M:Tek II
Bóthar Ard Mhacha
Muineachán
H18 YH59

Oiriúnuithe

I Rialachán 2 de I.R. 353 de 1994 (mar a leasaíodh), tá sé leagtha amach nach gcuimsíonn oiriúnuithe feithicle oiriúnuithe ar mhúnlaí líne táirgthe atá ar fáil ó dhéantóir nó díolamóirí an mhúnla sin mar rogha bhreise (m.sh. tras-seoladh uathoibríoch, fuinneoga a bhfuil imir orthu srl.) Ní mheastar mar oiriúnú na 'nithe breise' seo chun críocha na scéime seo um fhaoiseamh cánach.

Feithicil oiriúnaithe

Cáileofar an fheithicil má tá sí tógadh nó curtha in oiriúint le freastal ar mhíchumas an duine. Mar shampla:

Tiománaithe – rialúcháin láimhe, luasaire na coise clé, srl.

Paisinéirí – suíochán sclóine, síneadh ráillí suíocháin, srl.

1 'Feithiclí sainoiriúnaithe'

Faoin gcatagóir seo, tugtar faoiseamh CBL agus Cáin Chláraithe Feithiclí (CCF) nach mó ná €16,000 é chun na feithiclí sin a cheannach. Caithfear seilbh a choimeád ar an bhfeithicil ar feadh 3 bliana sula ndólfar arís í. Ní cháileoidh an t-oiriúnú don fhaoiseamh breisithe murab é ceann de na hoiriúnaithe seo a leanas é:

- bealach isteach athraithe i gcúl nó ar thaobh na feithicle ina bhfuil rampa nó ardaitheoir, mar aon le hurlár athraithe sa chaoi is go dtiocfaidh cathaoir rothaí isteach go díreach inti, agus srianta sábháilteachta do chathaoir rothaí nó leaba nasctha di; nó,
- bealach isteach athraithe i gcúl nó ar thaobh na feithicle a bhfuil a hurlár arna íslíú nó arna athrú sa chaoi is go dtiocfaidh cathaoir rothaí isteach go díreach inti, agus srianta sábháilteachta do chathaoir rothaí nó leaba nasctha di; nó,
- Athrú mór ar leagan amach na bpríomhrialtán a chuirfidh ar chumas an té atá faoi mhíchumas an fheithicil a thiomáint.

2 'Feithiclí a ndearnadh oiriúnú cuimsitheach orthu'

Tabharfar faoiseamh CBL agus CCF nach mó ná €22,000 é i leith feithicil den sórt sin. Caithfear seilbh a choimeád ar an bhfeithicil ar feadh 6 bliana sula ndólfar arís í. Ní cháileoidh an t-oiriúnú don fhaoiseamh breisithe murab é ceann de na hoiriúnaithe seo a leanas é:

- bealach isteach athraithe i gcúl nó ar thaobh na feithicle ina bhfuil rampa nó ardaitheoir, mar aon le hurlár athraithe sa chaoi is go dtiocfaidh cathaoir rothaí isteach go díreach inti, agus srianta sábháilteachta do chathaoir rothaí nó leaba nasctha di; nó,
- bealach isteach athraithe i gcúl nó ar thaobh na feithicle a bhfuil a hurlár arna íslíú nó arna athrú sa chaoi is go dtiocfaidh cathaoir rothaí isteach go díreach inti, agus srianta sábháilteachta do chathaoir rothaí nó leaba nasctha di; nó,
- Athrú mór ar leagan amach na bpríomhrialtán a chuirfidh ar chumas an té atá faoi mhíchumas an fheithicil a thiomáint; nó,
- Caithfidh go sáraíonn costas na n-oiriúnaithe bainteacha nuair a cláraíodh í **praghas díolacháin na feithicle ar an margadh oscailte** gan costas na n-oiriúnuithe bainteacha san áireamh.

3 Cineál Feithicle a Fhaomhadh

I gcás feithicle atá oiriúnaithe go Sonrach nó go Cuimsitheach mar atá mínithe thíos, caithfear na hoiriúnuithe feithicle a dheimhniú mar seo a leanas:

Feithicilí Nua

I gcás oiriúnuithe ar fheithicil nua nár cláraíodh i dtír ar bith, ní mór na hoiriúnuithe sin a dheimhniú faoin bhfaomhadh de chineál an AE (Deimhniú Comhréireachta curtha ar fáil ag an déantóir feithicle) nó ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ). Más mian le duine carr athláimhe a chur in oiriúint de réir na sonraíochtaí thuas, ní mór na hoiriúnaithe sin a bheith déanta ag Duine Cuícháilithe. Ní mór go mbeadh an deimhniú seo i bhfeidhm sula ndéanfaí iarratas ar an bhfaoiseamh seo chuig na Coimisinéirí Ioncaim (DD1). Anuas air sin, ní mór an deimhniú sin a thaispeáint agus an fheithicil á clárú in ionad den tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna.

Feithicilí allmhairithe

I gcás feithicilí impórtáilte atá curtha in oiriúint lasmuigh den Stát, ní mór go mbeadh na hoiriúnuithe sin:

- Sonraithe ar dheimhniú chlárú na feithicle eachtraí, nó
- Deimhnithe ag Duine Cuícháilithe (DC).

Ní mór go mbeadh an deimhniú seo i bhfeidhm sula ndéanfaí iarratas ar an bhfaoiseamh seo chuig na Coimisinéirí Ioncaim (DD1). Freisin ní mór an deimhniú sin a thaispeáint agus an fheithicil á clárú in ionad NCTS.

Feithicilí a Cláraíodh in Éirinn

Maidir le Feithicilí a Cláraíodh in Éirinn a chuirtear in oiriúint tar éis clárú in Éirinn, ní mór go mbeidís deimhnithe ag Duine Cuícháilithe (DC) in Éirinn. Ní mór go mbeadh an deimhniú seo i bhfeidhm sula ndéanfaí iarratas ar an bhfaoiseamh seo chuig na Coimisinéirí Ioncaim (DDO). D'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach an deimhniú sin a fhógairt do Lár-Oifig Feithicilí na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith.

Duine Cuícháilithe (DC)

I gcás go bhfuil feithicil oiriúnaithe agus deimhnithe ag Duine Cuícháilithe, caithfidh an tOiriúnú a bheith sonraithe le Foirm Dhearbhaithe na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le hOiriúnú (ar fáil le híoslóidáil ag www.revenue.ie).

DEARBHÚ

(Caithfidh gach iarratasóir an dearbhú seo a chomhlánú)

Is mian liom iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh cánach faoi na Rialacháin um Thiománaithe Míchumasaithe agus Páisnéirí Míchumasaithe (Lamháiltais Chánach), 1994, (I.R. Uimh. 353 de 1994 mar a bhí leasaithe ag I.R. Uimh. 634 de 2015).

Dearbhaím leis seo go bhfuil an t-eolas atá tugtha san fhoirm seo agus sna doiciméid a thacaíonn leis fíor agus ceart ar feadh m'eolais agus mo chreidimh.

Údaraím aisíocaíocht atá dlite a bheith íoctha go díreach leis an gcuntas bainc reatha bailí thuas.

Síniú: _____

Dáta: ____ / ____ / ____

Is cion é dearbhú bréagach a dhéanamh um fhaoiseamh ó cháin a fháil.

Má fhaightear amach go bhfuil eolas ar bith atá curtha ar fáil bréagach nó míthreorach, déanfar an faoiseamh go léir atá tugtha a aisghabháil go hiomlán láithreach agus d'fhéadfaí an duine a ionchúiseamh chomh maith.

Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig:

**An Lár-Oifig Aisíocaíochtaí
Na Coimisinéirí Ioncaim,
Saorphost,
Foirgneamh M:Tek II,
Bóthar Ard Mhacha,
Muineachán,
H18 YH59**

Guthán 01 738 3671

Cinntigh go bhfuil bileog VRT7 léite agat sula seolfaidh tu d'iarratas isteach. Tá an bhileog seo ar fáil ag www.revenue.ie nó is féidir í a fháil ar iarratas ó na Coimisinéirí Ioncaim, Rannóg na bhFoirmeacha agus na mBileog trí Íosghlao a chur ar 01 738 3675.

SEICLIOSTA

- Páipéar comhlánaithe DD1
- Teastas Míochaine Príomhúla (TMP) (más iarratas céaduaire ar an scéim é seo)
- Tarscaoileadh cónaitheachta (má tá tú ag éileamh mar dhuine muinteartha agus mura bhfuil tú i do chónaí le sealbhóir an TMP)
- Litir ó theach altranais (má tá cónaí ar shealbhóir an TMP i dteach altranais)
- An bhfuil an fhoirm sínithe agus an bhfuil dáta uirthi?

D'Fheithiclí Athlámhe

- Sonrasc maidir le hoiriúnuithe feithicle
- Sonrasc ceannaigh maidir le feithicil
- nó
- Cóip den Deimhniú Cláraithe Feithicle (Logleabhar)

Léigh bileog VRT7 le fáil amach céard iad na doiciméid tacaíochta eile go léir a bhfuil gá leo, le do thoil.